Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

# Údarás na hOllscoile 2021- 2025
# BUANORDAITHE

27 Aibreán 2021

# Clár na nÁbhar

*1. Feidhmeanna agus Dualgais Údarás na hOllscoile* ........ 3

*2. Ballraíocht Údarás na hOllscoile* ........ 4

*3. Cathaoirleach Údarás na hOllscoile* ........ 6

*4. Rúnaí Údarás na hOllscoile* ........ 8

*5. Baill aonair Údarás na hOllscoile* ........ 9

*6. Gnó a dhéanamh* ........ 13

*7.Coistí* ........ 15

*8. Éifeachtúlacht agus Dea-Chleachtas* ........ 16

*9. Tuairisciú agus Cumarsáid* ........ 17

*10.Cead* ........ 17

# BUANORDAITHE d'Údarás na hOllscoile 2021-2025

Foráiltear le hAlt 14 den Tríú Sceideal d'Acht na nOllscoileanna, 1997: *" Faoi réir an Achta seo, déanfaidh údarás ceannais, le buanorduithe nó ar shlí eile, a nós imeachta agus a ghnó a rialáil."*

An aidhm atá leis an gcáipéis seo buanorduithe Údarás na hOllscoile a leagan amach, arb é Údarás Rialaithe Ollscoile na Gaillimhe é.

Thug an tÚdarás Rialaithe faomhadh do na buanorduithe sin an 27 Aibreán 2021 agus tá siad i bhfeidhm ón dáta sin go dtí go ndéanfaidh Údarás na hOllscoile iad a aisghairm nó a leasú. Déanfar athbhreithniú orthu ar bhonn bliantúil agus déanfar an chéad athbhreithniú ag céad chruinniú an Údaráis don bhliain acadúil 2022/2023.

Tagann na buanorduithe seo in ionad na bhforálacha i ndáil le gnó, cinnteoireacht agus ballraíocht arna sonrú sa 'Lámhleabhar ar Struchtúr, Cód Cleachtais agus Nósanna Imeachta Údarás na hOllscoile' a d'fhaomh Údarás na hOllscoile in 2017. Tugann siad aitheantas d'fhorálacha Acht na nOllscoileanna 1997 agus tá siad ag teacht leis an gcur chuige a mholtar i gCód Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann 2019. Áirítear leo (i gCuid 6) substaint na mbuanorduithe faoina rialaítear tairiscintí agus rúin ar ghlac Údarás na hOllscoile leo i mí Aibreáin 2020, a bhfuil a n-ionad glactha anois. Táthar i mbun athbhreithniú ar Lámhleabhar 2017 i láthair na huaire agus déanfaidh Údarás na hOllscoile é a athsholáthar nó a aisghairm i mí Feabhra 2022.

Úsáidtear na téarmaí Údarás na hOllscoile agus an tÚdarás Rialaithe ar bhonn inmhalartaithe sa cháipéis seo.

## 1. Feidhmeanna agus Dualgais Údarás na hOllscoile

1.1 Leagtar amach feidhmeanna Údarás Rialaithe na hOllscoile in Alt 18 d'Acht na nOllscoileanna 1997 mar seo a leanas:

- Talamh agus réadmhaoin eile na hollscoile a rialú agus a riaradh
- An Príomhoifigeach a cheapadh, mar aon lena leithéid d'fhostaithe eile a mheasann sé a bheith cuí chun críocha na hollscoile
- Ballraíocht an Údaráis Rialaithe a chinneadh laistigh de shrianta an Achta agus cáipéisí ábhartha eile cosúil le cairt, reachtanna agus rialacháin
- A leithéid d'fheidhmeanna eile a dhéanamh a fhorchuirtear air de bharr an Achta seo, nó faoi, nó aon Acht eile nó a chairt, más ann di, a reachtanna agus a rialacháin, nó freagracht a shannadh as na feidhmeanna sin.

1.2 Bunaítear an tÚdarás Rialaithe chun na feidhmeanna arna sonrú san Acht, a bhfuil cur síos orthu thuas, a chomhlíonadh. Anuas ar na dualgais arna leagan amach sa reachtaíocht, tá feidhm ag na dualgais seo a leanas don Údarás Rialaithe, mar atá curtha síos air sa Chód Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann 2019.

- Déanfadh an tÚdarás Rialaithe monatóireacht ar fheidhmíocht na hOllscoile trí thuairiscí rialta a fháil ón Ollscoil agus óna fochoistí.
- Déanfadh an tÚdarás Rialaithe monatóireacht ar bhainistíocht feidhmiúcháin agus feidhmíochta.

- Cuirfidh an tÚdarás Rialaithe comhairle ar an gCathaoirleach agus ar an bPríomhoifigeach, agus tacóidh sé leo.
- Sásóidh an tÚdarás Rialaithe é féin go bhfuil rialuithe airgeadais agus córais bhainistíocht riosca láidir agus inchosanta.
- Coinneoidh an tÚdarás Rialaithe é féin cothrom le dáta agus go hiomlán ar an eolas maidir le saincheisteanna straitéiseacha agus athruithe a dhéanann difear don Ollscoil agus don timpeallacht ina bhfeidhmíonn sí.
- Déanfaidh an tÚdarás Rialaithe athbhreithniú leanúnach ar fhorbairtí maidir le rialachas corparáideach (lena n-áirítear nithe a bhaineann le heitic) a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don Ollscoil, féachaint le cinntiú go leanfaidh polasaithe agus cleachtais rialachas corparáideach na hOllscoile orthu ag teacht le dea-chleachtas.
- Déanfaidh an tÚdarás Rialaithe athbhreithniú ar thorthaí na bpróiseas atá aige chun feidhmíocht a mheas, agus ar rialachas corparáideach go ginéarálta.
- Déanfaidh an tÚdarás Rialaithe maoirseacht ar fhorbairt polasaí laistigh dá shainchúram feidhmiúil, lena n-áirítear polasaí bainistíochta riosca agus polasaí ciste, i measc polasaithe eile.
- Coiméadfaidh an tÚdarás Rialaithe dó féin an fhreagracht as plean forbartha straitéisí na hOllscoile a fhaomhadh.
- Cinnteoidh an tÚdarás Rialaithe go gcloífear leis na prionsabail agus na forálacha a leagtar amach sa Chód Cleachtais d'Ollscoileanna na hÉireann.

1.3 Cuirfidh an tÚdarás Rialaithe séala ar fáil agus coinneoidh sé seilbh air, ag teacht le Tríú Sceideal Acht na nOllscoileanna, 1997, a luaithe agus is féidir i ndiaidh dó a bheith curtha ar bun. Is ar Rúnaí an Údaráis Rialaithe a bheidh an fhreagracht as cumhdach an tséala agus as úsáid chuí a bhaint as. Déanfaidh an Cathaoirleach nó ball den Údarás Rialaithe, agus fostaí de chuid na hOllscoile, arna údarú ag an Údarás Rialaithe feidhmiú sa cháil sin, séala na hOllscoile a fhíordheimhniú.

**Údarás a Tharmligean**

1.4. Tugtar cead don Údarás Rialaithe de bhun Alt 18(4) den Acht coistí a bhunú chun cabhrú lena fheidhmeanna a chomhlíonadh agus tugtar cead don Údarás de bhun Alt 25(2) aon fheidhm a bhaineann le fostaithe na hOllscoile a cheapadh, chomh maith le nósanna imeachta roghnúcháin a chinneadh, a tharmligean don Phríomhoifigeach. Éilítear ar an gComhairle Acadúil de bhun Alt 27(2)(h) aon fheidhm a d'fhéadfadh a bheith tarmligthe ag an Údarás a chomhlíonadh, a fhad is nach dtagann siad salach ar shonraíochtaí an Achta. Mar shampla, ní fhéadfaí feidhmeanna an Údaráis Rialaithe a d'fhéadfadh a bheith tarmlighte don Phríomhoifigeach a tharmligean ina áit sin don Chomhairle Acadúil.

**Sceidil Údarás Cinnteoireachta Forchoimeádta agus Tarmlighte**

1.5 Foilseofar, ar mhaithe le soiléire agus trédhearcacht, Sceideal Cinnteoireachta Forchoimeádta ina mbeidh cur síos ar na cinntí sin nach féidir ach an tÚdarás Rialaithe iad a thógáil. Foilseofar Sceideal Údarás Tarmligthe chomh maith ina sonrófar na cinntí ar leith atá tarmligthe do choistí agus/nó don Phríomhoifigeach.

## 2. Ballraíocht Údarás na hOllscoile

**Ballraíocht**

2.1 Ceaptar baill Údarás na hOllscoile de réir Acht na nOllscoileanna 1997.

2.2 Ba cheart go mbeadh an meascán cuí scileanna, eolais agus taithí, nuair is féidir, ar Údarás na hOllscoile i measc na mball agus ba chóir a chinntiú go bhfuil an tÚdarás éagsúil, ó thaobh próifíl ballraíochta agus peirspictíochta de.

2.3 Ba cheart don Údarás, laistigh de theorainneacha na reachtaíochta, ionadaíocht sheachtrach ar an Údarás a uasmhéadú chun dóthain saineolais agus peirspictíochtaí seachtracha a chinntiú.

**Téarma Oifige**

2.4 De réir Acht na nOllscoileanna 1997, ní bheidh téarma oifige bhall d'Údarás na hOllscoile, seachas ball *ex officio*, níos giorra ná trí bliana ná níos faide ná cúig bliana, arna chinneadh ag an údarás a bheidh in oifig díreach roimh cheapachán an bhaill sin.

2.5 Beidh mic léinn ar Údarás na hOllscoile ar feadh tréimhse nach faide ná bliain amháin, ach féadfar iad a athcheapadh ar feadh tréimhse/tréimhsí b(h)reise nach faide ná bliain má bhíonn siad atofa mar oifigigh ábhartha de Chomhaltas na Mac Léinn, mar a shonraítear i gCuid 4 den Tríú Sceideal den Acht.

2.6 Foráiltear i Sceideal 3, Alt 3 (4) d'Acht na nOllscoileanna, 1997 go mbeidh ball d'Údarás na hOllscoile a ngabhaidh a t(h)éarma oifige in éag i dteideal a athcheaptha. Moltar nuair is féidir agus nuair is iomchuí, agus chun an chothromaíocht is fearr a chinntiú idir leanúnachas agus peirspictíochtaí nua de réir dea-chleachtais rialachais, nach ndéanfaidh Baill Údarás na hOllscoile agus a Choistí, iad siúd nach bhfuil ballraíocht *ex-officio,* acu níos faide ná dhá théarma oifige as a chéile de ghnáth.

**Éirí as agus/nó Briseadh**

2.7 De réir Alt 3 den Tríú Sceideal den Acht, féadfaidh ball den Údarás éirí as oifig mar bhall tráth ar bith trí litir chuig an gCathaoirleach agus tiocfaidh an t-éirí as i bhfeidhm ar an dáta a bhfaighfear an litir.

2.8 Aon bhall d'Údarás na hOllscoile a bheidh as láthair ó gach cruinniú den Údarás ar feadh tréimhse sé mhí as a chéile, mura rud é gur breoiteacht faoi deara é nó í a bheith as láthair, nó saoire chúramóirí nó mháithreachais nó aon saoire eile a bhaineann leis an teaghlach, scoirfidh sé nó sí ag deireadh na tréimhse sin de bheith ina b(h)all den Údarás. Ba chóir fógra neamhláithreachta ar na cúiseanna thuas a chur in iúl don Rúnaí.

2.9 De réir Alt 3 den Tríú Sceideal den Acht, féadfar ball den Údarás, ar chúis mhaith bhailí, a chur as oifig trí rún ón Údarás.

2.10 De réir Alt 17(6) den Acht féadfar Cathaoirleach an Údaráis a chur as oifig, tráth ar bith ar chúiseanna sonraithe. Sa chás sin, ba cheart don Leas-Chathaoirleach, má cheaptar é, ról an Chathaoirligh a ghlacadh pro-tem.

2.11 De réir Alt 2 den Tríú Sceideal den Acht féadfaidh an Cathaoirleach éirí as oifig mar Chathaoirleach tráth ar bith trí litir chuig an Údarás agus tiocfaidh an t-éirí as i bhfeidhm ar an dáta a bhfaighfear an litir.

2.12 Má éiríonn an Cathaoirleach as oifig nó má chuirtear as oifig é/í, scoirfidh sé de bheith ina b(h)all den Údarás.

**Corrfholúntas**

2.13 Má scoireann ball de bheith i seilbh oifige, socróidh an t-údarás go líonfar an corrfholúntas a luaithe is indéanta.
2.14 I gcás ball ainmnithe, iarrfar ar an gcomhlacht nó na comhlachtaí ainmniúcháin ábhartha ball nua a ainmniú chun an corrfholúntas a líonadh.
2.15 I gcás baill tofa, cuirfidh Cathaoirleach Údarás na hOllscoile moladh faoi bhráid an Údaráis maidir leis an mbealach is oiriúnaí chun an corrfholúntas a líonadh ag aon am ar leith.
2.16 Aon duine a bheidh ina b(h)all den Údarás chun corrfholúntas a líonadh, beidh sé/sí i seilbh oifige ar feadh an chuid eile de théarma oifige an bhaill a scoir d'oifig a shealbhú agus beidh sé/sí incháilithe le haghaidh athcheaptha, faoi réir na dteorainneacha a bhaineann le téarmaí comhleanúnacha oifige. Déileálfar leis an téarma a bhaineann leis an gcorrfholúntas mar chéad téarma chun téarmaí comhleanúnacha oifige a ríomh.

## 3. Cathaoirleach Údarás na hOllscoile

**Ceapachán**

3.1 Ceaptar Cathaoirleach Údarás na hOllscoile de réir Acht na nOllscoileanna 1997.
3.2 Féadfaidh Údarás na hOllscoile a chinneadh gur chóir go mbeadh Príomhoifigeach na hOllscoile ina C(h)athaoirleach nó go leanfadh sé/sí de bheith ina C(h)athaoirleach. Má chinneann an tÚdarás gur cheart duine seachas an Príomhoifigeach a cheapadh mar Chathaoirleach, ba cheart go mbeadh an duine sin lasmuigh den Ollscoil agus níor cheart dó/di a bheith ina f(h)ostaí nó ina m(h)ac léinn de chuid na hOllscoile.
3.3 Beidh an Príomhoifigeach ina C(h)athaoirleach ar an Údarás don chéad chruinniú d'Údarás nuacheaptha.
3.4 De réir fhorálacha Acht na nOllscoileanna 1997, féadfaidh an tÚdarás leaschathaoirleach a cheapadh ina measc féin, ach gan é/í a bheith ina f(h)ostaí nó ina m(h)ac léinn de chuid na hollscoile. Beidh an leaschathaoirleach in oifig fad atá sé/sí ina b(h)all den Údarás. Is é ról an leaschathaoirligh gníomhú in ionad an Chathaoirligh de réir mar a thagann an ócáid chun cinn.
3.5 Mura bhfuil an Cathaoirleach i láthair ag aon chruinniú, beidh an leaschathaoirleach ina C(h)athaoirleach ar an gcruinniú. I gcás nach bhfuil aon leaschathaoirleach ann nó mura bhfuil an leaschathaoirleach i láthair, roghnóidh baill an Údaráis atá i láthair ag an gcruinniú ball chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú.

**Ról agus Freagrachtaí**

3.6 Tá an Cathaoirleach freagrach as ceannaireacht an Údaráis agus as a éifeachtúlacht a chinntiú i ngach gné dá ról. Ba cheart don Chathaoirleach ardchaighdeáin ionracais agus macántachta a thaispeáint agus nósmhaireachtaí a bhunú maidir le cultúr, luachanna agus iompraíochtaí don Ollscoil agus maidir leis an gcineál plé a dhéantar ag cruinnithe den Údarás. Gníomhóidh sé/sí go cóir agus go neamhchlaonta i gcónaí ar mhaithe le leas na hOllscoile ina hiomláine, ag úsáid breithiúnas neamhspleách agus ag coinneáil rúndachta mar is cuí. Beidh tiomantas láidir pearsanta aige/aici don ardoideachas agus do luachanna, aidhmeanna agus cuspóirí na hOllscoile.

3.7 Sa chás nach é/í an tUachtarán an Cathaoirleach, ba cheart go mbeadh ról lárnach ag an gCathaoirleach, trí cheannaireacht an Údaráis, i dtreo straitéiseach na hOllscoile, ach níor cheart dó/di a bheith tarraingthe isteach sa bhainistíocht feidhmiúcháin ó lá go lá. Ba cheart go mbeadh caidreamh oibre cuiditheach agus dúshlánach idir an Cathaoirleach agus an tUachtarán. Ba cheart béim a chur ar an ngá atá leis an dá thaobh a thuiscint go bhfuil difear mór idir na róil. Ba cheart go dtacódh an caidreamh le chéile, ach caithfear an córas srianta agus ceartúchán a théann le gach aon ról taobh istigh den Ollscoil a chur san áireamh.

3.8 Tá an Cathaoirleach freagrach as ceannaireacht Údarás na hOllscoile. Rialaítear ról an Chathaoirligh go háirithe le hAlt 17, Acht na nOllscoileanna, 1997 agus le Tríú Sceideal an Achta. I measc a c(h)uid dualgas tá an méid seo a leanas:

(a) Tá sé/sí freagrach sa deireadh as éifeachtúlacht an Údaráis a chinntiú i ngach gné dá ról. Tá an Cathaoirleach agus an tUachtarán freagrach as bainistíocht éifeachtach chlár oibre Údarás na hOllscoile agus as a chinntiú go bhfuil dóthain ama ar fáil chun gach mír den chlár oibre a phlé, go háirithe saincheisteanna straitéiseacha.

(b) Ba cheart don Chathaoirleach ardchaighdeáin ionracais agus macántachta a thaispeáint agus nósmhaireachtaí a bhunú maidir le cultúr, luachanna agus iompraíochtaí don Ollscoil, agus maidir leis an gcineál plé a dhéantar ar leibhéal an Údaráis. Tá idirphlé atá cuiditheach agus dúshlánach riachtanach chun go bhfeidhmeoidh Údarás na hOllscoile go héifeachtach. Ba cheart don Chathaoirleach cultúr oscailteachta agus díospóireachta a chur chun cinn trí dheis a thabhairt do phríomhbhaill bhainistíochta agus do bhaill uile an Údaráis a gcion a dhéanamh go héifeachtach.

(c) Ba cheart don Chathaoirleach folláine agus feidhmiú éifeachtach a chur chun cinn, ag cinntiú go n-oibríonn na baill le chéile go héifeachtach agus go bhfuil muinín acu sna nósanna imeachta atá leagtha síos chun a ngnó a dhéanamh.

(d) Ba cheart dó/di a chinntiú go dtugann Údarás na hOllscoile aird ar phrionsabail an dea-rialachais, agus go dtuairiscíonn na Coistí, a bhfuil ról lárnach acu i ngnó an Údaráis, ar ais go cuí.

(e) Ba cheart dó/di a chinntiú go bhfeidhmíonn Údarás na hOllscoile comhfhreagracht, is é sin le rá, go ndéanann gach ball atá ag gníomhú mar chomhlacht cinntí go corparáideach. Spreagfaidh an Cathaoirleach gach ball le hoibriú le chéile go héifeachtach, ag cur a gcuid scileanna agus saineolais i bhfeidhm de réir mar is cuí, agus féachfaidh sé/sí le comhthoil a fhorbairt ina measc.

(f) Ba cheart dó/di a chinntiú go ngníomhóidh Údarás na hOllscoile i gcomhréir le hionstraimí rialachais na hOllscoile agus le rialacha agus le rialacháin inmheánacha na hOllscoile, agus ba cheart dó comhairle a lorg ón Rúnaí i gcás éiginnteachta.

(g) Cinnteoidh sé/sí go ndéanfar aon choimhlint leasa a aithint agus a bhainistiú go hiomchuí, ionas go gcoinneofar sláine ghnó Údarás na hOllscoile, agus go mbeidh sé sin le sonrú.

(h) Tá an Cathaoirleach freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhreagrachtaí Rúnaí an Údaráis lena n-áirítear sreafaí faisnéise iomchuí agus tráthúla a chinntiú laistigh den Údarás agus a Choistí agus idir an Bhainistíocht agus baill an Údaráis, agus tá cur síos níos fearr orthu i gCuid 4 de na Buanorduithe.

3.9 Ba cheart don Chathaoirleach a chinntiú go gceadaíonn agus go bhfeidhmíonn an tÚdarás nós imeachta chun a fheidhmíocht agus a éifeachtúlacht a mheas agus a athbhreithniú go rialta, agus ba cheart dó/di páirt a ghlacadh sa phróiseas sin. Féadfaidh an Cathaoirleach aiseolas a fháil ar a f(h)eidhmíocht mar Chathaoirleach ar an Údarás mar chuid den nós imeachta measúnaithe.

3.10 Féadfaidh ról an Chathaoirligh leathnú chuig ionadaíocht a dhéanamh ar an Ollscoil i gcomhthéacsanna seachtracha áirithe, agus d’fhéadfaí a iarraidh air/uirthi ról a imirt i dteagmháil

idir príomhpháirtithe leasmhara agus an Ollscoil. Ba cheart an ról seo go háirithe a fheidhmiú ar bhealach atá comhordaithe go cúramach leis an Uachtarán agus le hoifigigh agus le comhaltaí sinsearacha eile na hOllscoile de réir mar is cuí.

## 4. Rúnaí Údarás na hOllscoile

4.1 Cinnteoidh Rúnaí Údarás na hOllscoile go bhfaighidh an tÚdarás faisnéis agus páipéir go tráthúil ionas go mbeifear in ann machnamh iomlán agus ceart a dhéanamh ar na saincheisteanna.
4.2 Tá an Rúnaí freagrach freisin as ionduchtú foirmiúil bhaill nua Údarás na hOllscoile agus as oiliúint agus meantóireacht leanúnach a eagrú do bhaill.
4.3 Déanfaidh Údarás na hOllscoile an Rúnaí a cheapadh ag úsáid nósanna imeachta a chinnfidh Údarás na hOllscoile.
4.4 Beag beann ar aon fhreagrachtaí eile a d'fhéadfadh a bheith ar an gceapaí, maidir lena f(h)reagrachtaí mar Rúnaí, tá an Rúnaí freagrach don Údarás amháin agus tuairiscíonn sé/sí go díreach chuig Cathaoirleach an Údaráis maidir le gnó an Údaráis. Déanfaidh an tÚdarás cosaint ar chumas an Rúnaí a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh.
4.5 Beidh tiomantas láidir pearsanta ag an Rúnaí don ardoideachas agus do luachanna, aidhmeanna agus cuspóirí na hOllscoile. Déanfaidh sé/sí a iompar pearsanta a rialáil i gcónaí maidir leis an Údarás agus leis an Ollscoil de réir na gcaighdeán iompair inghlactha sa saol poiblí. Éilítear air/uirthi ardchaighdeán d'fhéinfhorbairt phearsanta agus ghairmiúil a choinneáil.

4.6 I measc dhualgais an Rúnaí tá an méid seo a leanas:

(a) a chinntiú go bhfuil an cháipéisíocht ar fad a chuirtear ar fáil do bhaill an Údaráis gonta agus go bhfuil an t-ábhar oiriúnach,

(b) treoir údarásach a thabhairt don Údarás maidir lena fhreagrachtaí dlíthiúla agus reachtúla, lena n-áirítear reachtaíocht náisiúnta, agus cairt, reachtanna agus rialacháin na hOllscoile, lena n-áirítear an bealach ba cheart na freagrachtaí seo a chomhlíonadh,

(c) comhairle dlí a chur ar fáil don Údarás, nó é a fháil don Údarás, agus comhairle a chur ar an Údarás ar gach ábhar a bhaineann le nós imeachta,

(d) gníomhú mar Rúnaí Choistí Údarás na hOllscoile de réir mar a chinnfidh an tÚdarás féin agus a bheith freagrach as a chinntiú go gcuirtear tacaíocht Rúnaíochta ar fáil do Choistí an Údaráis más gá,

(e) socrú a dhéanamh go n-aisíocfar le baill an Údaráis na costais a thabhaíonn siad agus iad i mbun gnó an Údaráis (cuirfear buiséad ar fáil don Rúnaí chun na críche sin), agus

(f) an tÚdarás a chur ar an eolas, agus comhairle iomchuí a thabhairt, más rud é:

(i) go dtagann freagrachtaí nua nó athbhreithnithe chun cinn don Údarás (e.g. ó reachtaíocht nua),

(ii) go gcreideann sé/sí go sáródh aon ghníomh beartaithe cumhachtaí an Údaráis nó go mbeadh sé ag dul in aghaidh reachta nó reachtaíochta, agus

(iii) go dtarlaíonn coimhlint nó go bhféadfadh sé tarlú idir an tÚdarás agus an tUachtarán.

4.7 Féadfaidh an Rúnaí feidhm an Rúnaí a chomhcheangal le ról sinsearach riaracháin nó bainistíochta san Ollscoil. Caithfidh sé/sí a bheith cúramach agus an dá fheidhm seo a choinneáil scartha óna chéile. Má bhraitheann an Rúnaí aon choimhlint leasa idir a c(h)uid feidhmeanna, ba cheart dó/di é a thuairisciú láithreach don Údarás. Déanfaidh an Rúnaí nochtadh iomlán tráthúil ar a leasanna pearsanta.

4.8 Caithfidh an Rúnaí caidrimh oibre éifeachtacha a chruthú le Cathaoirleach an Údaráis agus le hUachtarán na hOllscoile, agus caithfidh sé/sí dul i gcomhairle leis an mbeirt agus iad a choinneáil ar an eolas go hiomlán faoi aon ábhar a bhaineann le gnó an Údaráis. Caithfidh an Rúnaí freisin caidrimh oibre éifeachtacha a chruthú le bainisteoirí sinsearacha eile san Ollscoil chun go mbeidh gnó an Údaráis déanta go héifeachtach.

4.9 Glacfaidh an Rúnaí páirt i nósanna imeachta atá bunaithe ag an Údarás chun a f(h)eidhmíocht mar Rúnaí a mheas/a athbhreithniú go rialta. Ní bhainfidh na nósanna imeachta seo le nósanna imeachta chun aon fhreagrachtaí eile a bheidh ag an Rúnaí a mheas/a athbhreithniú. Beidh an Cathaoirleach freagrach as feidhmíocht Rúnaí an Údaráis a mheas/a athbhreithniú, agus a chinntiú go ndéanfar aon dualgais eile atá ag an Rúnaí a fhágáil ar leataobh, agus déanfaidh sé moltaí dá réir.

## 5. Baill aonair Údarás na hOllscoile

Leagtar amach anseo dualgais bhaill uile an Údaráis agus na gCoistí, de réir Acht na nOllscoileanna, 1997 agus Chód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann 2019. Cuirfidh an Cathaoirleach agus an Rúnaí comhairle ar aon bhall, ar iarratas uaidh/uaithi, faoi aon cheist a bhaineann lena c(h)uid freagrachtaí mar bhall.

5.1 Ba chóir do gach ball breith neamhspleách a thabhairt ar shaincheisteanna amhail straitéis, feidhmíocht, acmhainní, príomhcheapacháin agus caighdeáin iompair.

5.2 Tá dualgas muiníneach ar gach ball i leith na hOllscoile ar an gcéad dul síos (i.e. an dualgas gníomhú de mheon macánta agus ar mhaithe le leas na hOllscoile). Go sonrach, déanfaidh baill an méid seo a leanas:

a) gníomhú de mheon macánta sa mhéid a mheasann an ball gur chun leas na hOllscoile é
b) gníomhú go macánta agus go freagrach maidir le gnóthaí na hOllscoile a dhéanamh
c) gníomhú de réir Acht na nOllscoileanna 1997 agus gan a chumhachtaí a fheidhmiú ach chun na gcríoch a cheadaítear sa dlí
d) gan leas a bhaint as maoin, faisnéis nó deiseanna na hOllscoile chun a leasa féin nó chun leasa aon duine eile
e) gníomhú go freagrach agus go cóir leis an gcúram cuí, an scil, an dúthracht, an dílseacht, agus an chríonnacht a mbeadh súil leis ó dhuine sa phost céanna a bhfuil an t-eolas agus an taithí chéanna aige/aici agus atá ag ball den údarás rialaithe;
f) caitheamh lena chéile, agus le foireann agus le mic léinn na hOllscoile, le gairmiúlacht, cúirtéis agus meas;
g) gan tionchar míchuí a bheith aige/aici ar bhaill eile;
h) gan gníomhú mar urlabhraithe don Údarás Rialaithe ar chaoi ar bith, mura n-iarrann an tÚdarás RIalaithe go sonrach air/uirthi déanamh amhlaidh; agus
i) páirt ghníomhach a ghlacadh agus oibriú i gcomhar le baill eile chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh mar bhaill.

5.3 Déanfaidh gach ball:

(a) tuiscint shoiléir ar fheidhmeanna an Údaráis a fhorbairt agus a chothú;

(b) eolas a chur ar a bhfuil in Acht na nOllscoileanna, 1997, i gCód Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann 2019 agus i reachtanna na hOllscoile;

(c) tuiscint shoiléir ar ról aon choiste de chuid an Údaráis a bhfreastalaíonn siad air a fhorbairt agus a chothú;

(d) eolas a chur ar a bhfuil i bpríomhcháipéisí na hOllscoile (mar a shonróidh an tÚdarás Rialaithe ó am go ham);

(e) soiléiriú a lorg agus comhairle a ghlacadh maidir le hábhair nach bhfuil saineolas ag an mball air, de réir cibé nósanna imeachta a chomhaontóidh an tÚdarás Rialaithe fúthu chun na críche seo ó am go ham; agus

(f) ullmhú le haghaidh cruinnithe trí gach páipéar a scaiptear leis an gclár oibre a léamh agus a bhreithniú. Cuirtear ar fáil na páipéir de ghnáth cúig lá oibre ar a laghad roimh gach cruinniú den Údarás Rialaithe.

**Leasanna speisialta**

5.4 Gníomhóidh ball i gcónaí, mar bhall, chun leas na hOllscoile, agus ní ghníomhóidh sé/sí mar ionadaí d'aon leas speisialta. Mar sin féin, ní chuirfidh aon ní sa chuid seo srian ar bhall tuairimí na ndaoine a thogh é nó í a léiriú ag cruinnithe den Údarás Rialaithe, nó saoirse cainte an bhaill sin a shrianadh.

**Rúndacht**

5.5 Tá an Ollscoil tiomanta do rochtain ar eolas ginearálta a bhaineann leis na gníomhaíochtaí ar bhealach atá oscailte agus a fheabhsaíonn cuntasacht a chur ar fáil. Le linn a ndualgas a chomhlíonadh, áfach, beidh rochtain ag baill, i bhfoirm scríofa agus le linn díospóireachtaí, ar fhaisnéis íogair mar shampla faisnéis phearsanta, faisnéis a fhaigheann an Ollscoil faoi rún, agus faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de. Caithfidh baill meas a bheith acu ar rúndacht na faisnéise sin, agus:

(a) a chinntiú go ndéantar cúram cuí chun go mbeidh slándáil cáipéisí íogaire agus eile an Údaráis Rialaithe slán, cibé acu i bhfoirm páipéir nó leictreonach;

(b) aon fhaisnéis a fhaightear i gcomhlíonadh a ndualgas a choinneáil rúnda, chomh maith le rúndacht aon phlé de chuid an Údaráis Rialaithe;

(c) a chinntiú go bhfuil taifid rúnda faoi réir nósanna imeachta rochtana iomchuí;

(d) meas a léiriú ar aon srianta atá comhaontaithe ag an Údarás Rialaithe ar úsáid nó scaipeadh faisnéise (faoi réir cheanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise nó an Achta um Chosaint Sonraí); agus

(e) meas a léiriú ar phríobháideacht daoine aonair.

**Mí-úsáid an Phoist**

5.5 Ní dhéanfaidh aon bhall d’Údarás na hOllscoile:

(a) a seasamh mar bhall a úsáid le haghaidh brabúis, gnóthachain nó buntáiste pearsanta;

(b) glacadh le bronntanas, táille, fabhar, luaíocht, séisín nó luach saothair de chineál ar bith dá bhféadfadh an pobal é a fheiceáil, agus na fíricí iomlána ar eolas, mar ghníomh a chiallódh go ngníomhódh ball ar bhealach áirithe nó cúl a thabhairt lena d(h)ualgais;

(c) cúnamh a thabhairt d’aon duine nó d'aon eagraíocht agus é/í ag plé leis an Ollscoil nuair a d’fhéadfadh go dtabharfadh an idirghabháil sin tús áite ón Ollscoil don duine nó don eagraíocht sin;

(d) aon saoráidí nó seirbhísí de chuid na hOllscoile a úsáid, go díreach nó go hindíreach, ná ligean dóibh iad a úsáid, chun críocha seachas iad a bheith ceadaithe go sonrach ag an Ollscoil;

(e) tar éis scor de bheith ina b(h)all, aon fhaisnéis a fhaightear ina gcáil mar bhall nach bhfuil ar fáil go ginearálta don phobal a úsáid, d’fhonn sochar nó buntáiste a bhaint astu dóibh féin nó do dhuine den teaghlach; nó

(f) ar feadh tréimhse dhá bhliain tar éis scor de bheith ina b(h)all, comhairle a thabhairt ná gníomhú in ainm nó ar son duine eile in idirbheartaíochtaí leis an Ollscoil.

Mar sin féin, ní chuirfidh aon ní sa chuid seo srian ar ionadaithe foirne ar Údarás na hOllscoile bheith rannpháirteach i bplé nó vótáil ar aon ábhar a bhaineann le coinníollacha fostaíochta, nach bhfuil teoranta dá n-éifeacht don ionadaí foirne aonair.

**COIMHLINTÍ LEASA**

5.6 Ba chóir do bhaill a chinntiú go n-aithnítear agus go dtugtar aghaidh ar choimhlintí leasa má tá a leithéid ann nó má bhraitear go bhfuil a leithéid ann:

5.6.1 Measfar coimhlint leasa dáiríre a bheith ag ball má bhíonn leas pearsanta aige/aici, atá díreach nó indíreach agus atá, i dtuairim duine atá réasúnta eolach agus a bhfuil dea-chomhairle curtha air/uirthi, sách tromchúiseach chun an neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht atá an ball ceaptha a chleachtadh ina c(h)uid dualgas a cheistiú.

5.6.2 Measfar go bhfuil coimhlint leasa ag ball má cheapann duine atá réasúnta eolach agus a bhfuil dea-chomhairle curtha air/uirthi, go bhfuil leas pearsanta aige/aici, atá díreach nó indíreach agus atá sách tromchúiseach chun an neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht atá an ball ceaptha a cleachtadh ina c(h)uid dualgas a cheistiú.

5.7 Nuair a thagann coimhlint leasa chun cinn, nochtfaidh ball an choimhlint go hiomlán do Rúnaí Údarás na hOllscoile (agus cóip chuig Cathaoirleach Údarás na hOllscoile), a luaithe a bheidh sé/sí ar an eolas fúithi. Iarrtar ar ghobharnóirí an Clár Oibre agus na cáipéisí do chruinnithe Údaráis a léamh a luaithe is féidir nuair a scaiptear iad. De ghnáth ba chóir aon choimhlintí leasa a d’fhéadfadh a bheith ann a chur in iúl don Rúnaí i scríbhinn 24 uair an chloig roimh chruinniú ábhartha Údarás na hOllscoile.

5.8 Réiteoidh baill coimhlint leasa ar mhaithe le leas na hOllscoile trí dhearbhú a leasa agus an seomra a fhágáil, agus ar an gcaoi sin gan aon pháirt a ghlacadh sa phlé, sa chinneadh nó sa

chaingean ábhartha. Sa chás nach bhfuil ball cinnte an bhfuil coimhlint leasa ann nó an bhfuil sé ábhartha, ba chóir dó/di an cheist a phlé leis an gCathaoirleach roimh an gcruinniú. Má tá amhras air/uirthi, ba cheart dó/di an scéal a chur in iúl agus ansin tairiscint go seasfaidh sé/sí siar.

5.9 Beidh socruithe den saghas sin i bhfeidhm maidir le cáipéisí cruinnithe ábhartha i gcás nach gcuirfear an cháipéisíocht sin ar fáil don bhall nuair a chuirtear coimhlint leasa féideartha in iúl.

5.10 Cuirtear coimhlintí leasa in iúl i miontuairiscí an chruinnithe.

5.11 Deirtear in Acht na nOllscoileanna, 1997, Sceideal 3, mír 8:

(a) Aon chomhalta d'údarás ceannais a bhfuil leas aige nó aici (i) i gcuideachta (seachas cuideachta phoiblí nach stiúrthóir di é nó í nó nach bhfuil baint ar shlí eile aige nó aici lena bainistiú) nó i ngnólacht lena mbeartaíonn an ollscoil conradh a dhéanamh, nó

(ii) i gconradh a bheartaíonn an ollscoil a dhéanamh,

nochtfaidh sé nó sí don údarás ceannais go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cad é an leas é agus ní ghlacfaidh sé nó sí páirt in aon bhreithniú ná cinneadh ag an údarás ceannais a bhaineann leis an gconradh, agus taifeadfar an nochtadh i miontuairiscí an údaráis

ceannais.

(b) Aon chomhalta d'údarás ceannais ollscoile a bhfuil gaol aige nó aici le duine is iarrthóir lena cheapadh nó lena ceapadh ag an údarás ceannais ina fhostaí nó ina fostaí de chuid na hollscoile, nochtfaidh sé nó sí don údarás ceannais go bhfuil an gaol sin aige nó aici agus cad é an gaol é agus ní ghlacfaidh sé nó sí, má chinneann an t-údarás ceannais amhlaidh, páirt in aon bhreithniú nó cinneadh ag an údarás ceannais maidir leis an gceapadh, agus taifeadfar an nochtadh agus an cinneadh i miontuairiscí an údaráis ceannais.

5.12 Nuair a bhíonn ball den Údarás Rialaithe i dteagmháil leis an Ollscoil ina c(h)uid oibre, mar pháirtí i gconradh, mar sholáthraí earraí nó seirbhísí, nó mar stiúrthóir nó úinéir aonáin a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí don Ollscoil, caithfear an leas sin a chur in iúl don Údarás Rialaithe. Mura ndéanann an tÚdarás cinntí na hOllscoile maidir le rannpháirtíocht/rannpháirtíocht ghnó go díreach, ní chiallóidh sé go mbeidh aon bhall den Údarás saor ón leas a chur in iúl.

5.13 Seachas an tUachtarán [Acht na nOllscoileanna, A. 16 (2) (a)] agus an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí [Acht na nOllscoileanna, A. 16 (2) (c)] ní fhéadfaidh aon bhall d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile, seasamh i dtoghchán chuig, nó a bheith ina b(h)all d'Údarás na hOllscoile. Aon chomhalta foirne atá ina b(h)all d'Údarás na hOllscoile agus a cheapfar i bpost bainistíochta sinsearach, éireoidh sé/sí as an Údarás Rialaithe ar an gceapachán sin a ghlacadh.

**Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí**

5.14 Comhlíonfaidh baill forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, de réir mar a bhaineann siad leis an Údarás Rialaithe. Tabharfar an Ráiteas Leasanna riachtanach d'Uachtarán na hOllscoile gach bliain (sin é an t-oifigeach ainmnithe chun na críche seo) agus don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí faoin dáta dlite – is é sin, an 31 Eanáir le haghaidh dearbhuithe a bhaineann leis an mbliain féilire roimhe sin.

**Clár Leasanna**

5.15 Ba cheart go gcoinneodh Rúnaí an Údaráis sonraí faoi leasanna a chuirtear in iúl faoin reachtaíocht ábhartha agus faoin gCód Rialachais d'Ollscoileanna na hÉireann 2019 i gclár rúnda speisialta.

## 6. Gnó a dhéanamh

6.1 Déanfaidh Údarás na hOllscoile a ghnó ar mhaithe le leas na hOllscoile, de réir dea-chleachtais i rialachas corparáideach an ardoideachais, agus déanfaidh sé dea-ainm agus dea-luachanna na hOllscoile a chosaint i gcónaí.

6.2 Tionólfaidh Údarás na hOllscoile cibé cruinnithe agus cibé méid cruinnithe, agus cibé tráthanna, a chinnfidh an Cathaoirleach de réir Alt 10(1) den Tríú Sceideal d'Acht na nOllscoileanna, 1997; chomh maith leis sin, tionólfaidh sé/sí cruinniú nuair a iarrfaidh líon nach lú ná líon na mball arb é atá ann córam, i.e. aon trian de líon iomlán na mball, tugtha suas go dtí an tslánuimhir is gaire, móide a haon.

6.3 Ag aon chruinniú, is é nó is í an Cathaoirleach, má bhíonn sé nó sí i láthair, a rachaidh i gceannas. Mura bhfuil an Cathaoirleach i láthair ag aon chruinniú, beidh an leaschathaoirleach ina C(h)athaoirleach ar an gcruinniú. I gcás nach bhfuil aon leaschathaoirleach ann nó mura bhfuil an leaschathaoirleach i láthair, roghnóidh baill an Údaráis atá i láthair ag an gcruinniú ball chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú.

6.4 Socróidh Údarás na hOllscoile seisiúin phríobháideacha i.e. am cruinnithe gan na baill feidhmiúcháin ná an lucht bainistíochta i láthair, ag tús nó ag deireadh an chláir oibre de dhá chruinniú in aghaidh na bliana le plé a dhéanamh ar aon ábhar a mheastar a bheith ábhartha.

6.5 Déanfar cibé liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an tAire, le faomhadh an Aire Airgeadais, a íoc leis an gCathaoirleach agus leis na baill, seachas ball *ex officio* atá ina f(h)ostaí den Ollscoil, as cistí a bheidh faoina réir ag an Údarás.

**Clár an Chruinnithe**

6.6 Is é an Rúnaí, i gcomhairle leis an gCathaoirleach agus leis an Uachtarán, a dhréachtaíonn clár chruinnithe Údarás na hOllscoile.

6.7 Ba cheart do bhaill nó do dhaoine a bhíonn i láthair agus ar mian leo ionchur a bheith acu sa chlár dul i gcomhairle leis an Rúnaí coicís ar a laghad roimh an gcruinniú atá i gceist.

**Cinnteoireacht**

6.8 Níl sé de cheart ach ag baill an Údaráis Rialaithe freastal ar chruinnithe an Údaráis Rialaithe. Freastalóidh an tUachtarán, an Leas-Uachtarán agus Uachtarán Choláiste San Aingeal, Sligeach, mar bhaill *ex officio* d'Údarás na hOllscoile, ar chruinnithe an Údaráis Rialaithe. Féadfar cuireadh a thabhairt do dhaoine aonair eile ón ollscoil agus do chomhairleoirí seachtracha freastal ar chruinniú iomlán nó ar chuid de, de réir mar is cuí agus nuair is gá. Tugtar cuireadh don Leas-Uachtarán Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe, an Leas-Uachtarán Taighde, an Sparánaí agus an Príomhoifigeach Oibriúcháin freastal ar gach cruinniú.

6.9 Is é an córam is gá chun gnó a dhéanamh trian de líon iomlán na mball, arna thabhairt suas go dtí an tslánuimhir is gaire, móide aon bhall amháin (alt 10(3) den Tríú Sceideal a ghabhann le hAcht 1997). Beidh cruinniú den Údarás a thionólfar go cuí agus a mbeidh córam i láthair ann inniúil ar gach ceann nó aon cheann de na ceadanna, de na cumhachtaí agus de na discréidí atá dílsithe don Údarás Rialaithe nó infheidhmithe aige a fheidhmiú.

6.10 Mar a fhoráiltear in alt 12 den Tríú Sceideal d'Acht 1997, déanfar gach ceist ag cruinniú d'údarás a chinneadh le comhthoil, ach más rud é, i dtuairim an Chathaoirligh, nó i dtuairim an duine eile a bheidh i gceannas, nach féidir teacht ar chomhthoil, réiteofar an cheist le tromlach vótaí na mball a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist agus, i gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gcathaoirleach nó ag an duine eile a bheidh i gceannas.

**Nós imeachta i scríbhinn**

6.11 Feidhmíonn an Buanchoiste agus an Coiste Pleanála Straitéisí, faoi údarás tarmligthe Údarás na hOllscoile, thar ceann an Údaráis de réir mar is gá idir cruinnithe agus cuireann comhairle ar an Uachtarán, de réir mar is cuí, faoi aon cheisteanna práinneacha a thagann chun cinn idir na cruinnithe sin. I rith na Bliana Acadúla, más rud é, i dtuairim an Chathaoirligh, go bhfuil gnó práinneach le déanamh idir dhá chruinniú sceidealta de chuid Údarás na hOllscoile agus nach bhfuil oiriúnach le tarmligean chuig Buanchoiste agus Coiste Pleanála Straitéisí an Údaráis, is amhlaidh a fhéadfaidh an Cathaoirleach:
(a) cruinniú speisialta de chuid Údarás na hOllscoile a thionól chun é a bhreithniú, nó
(b) togra a ordú d'Údarás na hOllscoile trí nós imeachta i scríbhinn nó trí nós imeachta leictreonach.

6.12 Chun críocha an nós imeachta de bhun 6.11(b), déanfaidh an Rúnaí, thar ceann an Chathaoirligh, téacs an togra a scaipeadh go leictreonach nó i scríbhinn ar gach ball, le teorainn ama réasúnta faoina gcuirfidh baill in iúl aon amhras atá orthu nó leasuithe is mian leo a dhéanamh.

6.13 Féadfaidh aon bhall, roimh dheireadh na teorann ama socraithe, a éileamh go ndéanfar an togra a phlé ag an gcéad chruinniú sceidealta eile den Údarás, trí fhógra i scríbhinn nó leictreonach chuige sin a chur chuig an gCathaoirleach (mar aon le cóipeanna chuig na baill eile agus na daoine atá i láthair).

6.14 Togra nach mbeidh amhras faoi ag aon bhall roimh dheireadh na teorann ama socraithe, beidh sé glactha ag Údarás na hOllscoile.

6.15 Togra, nó togra leasaithe, faoina n-aontóidh tromlach na gcomhaltaí go sainráite ag deireadh na teorann ama socraithe, beidh sé glactha ag Údarás na hOllscoile.

Déanfar tograí arna nglacadh de bhun na coda seo a thuairisciú don chéad chruinniú eile d'Údarás na hOllscoile agus déanfar iad a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe sin.

**Cáipéisí chun tosaigh**

6.16 Is cáipéisí iad na cáipéisí chun tosaigh a chuirtear ar fáil ag tús nó le linn cruinnithe. Ní úsáidfear an tsaoráid seo ach amháin i gcúinsí eisceachtúla agus míneofar na cúinsí sin go soiléir i scríbhinn. Ba cheart cur i láthair gairid a dhéanamh chun tacú le cáipéis chun tosaigh. Ní mór don Chathaoirleach na cáipéisí chun tosaigh a fhaomhadh. Féadfaidh na baill a chomhaontú go nglacfaidh siad le cáipéis den sórt sin, nó an nglacfaidh siad le cinneadh foirmiúil go dtí an chéad chruinniú eile.

**Miontuairiscí na gCruinnithe**

6.17 Coinneoidh Rúnaí Údarás na hOllscoile miontuairiscí ar imeachtaí agus rúin gach cruinnithe d'Údarás na hOllscoile, lena n-áirítear ainmneacha gach a raibh i láthair ag na cruinnithe.

6.18 Scaipfear miontuairiscí chruinnithe Údarás na hOllscoile ar gach ball d'Údarás na hOllscoile seachas nuair a bhíonn eisceachtaí ann e.g. míreanna a bhaineann le Coimhlint Leasa.

**Minicíocht na gCruinnithe**

6.19 Tionólfaidh an tÚdarás cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe, agus sin ag cibé tráthanna, a chinnfidh an cathaoirleach, de réir Alt 10(1) den Tríú Sceideal d'Acht na nOllscoileanna, 1997.

6.20 Déanfaidh Rúnaí an Údaráis Rialaithe cruinnithe an Údaráis Rialaithe a ghairm ar iarratas ó Chathaoirleach an Údaráis.

**Fógra Cruinnithe**

6.21 Mura gcomhaontófar a mhalairt, déanfar fógra faoi gach cruinniú lena ndaingneofar an t-ionad, an t-am agus an dáta mar aon le clár oibre a chur ar aghaidh chuig gach ball den Údarás agus chuig aon duine eile a gceanglófar air freastal tráth nach déanaí ná cúig lá oibre roimh dháta an chruinnithe. Seolfar páipéir thacaíochta chuig baill an Údaráis Rialaithe agus chuig freastalaithe eile de réir mar is iomchuí, nó cuirfear ar fáil iad go leictreonach ag an am céanna.

**Réitigh agus Rúin**

6.22 Ní mór do bhall a mholann aon réiteach os comhair an Údaráis RIalaithe fógra faoi sin a thabhairt 12 lá ar a laghad roimh an gcruinniú ag a mbeartaítear é a thabhairt ar aghaidh, agus cuirfear cóip den fhógra rúin chuig gach ball i dteannta an pháipéir chlár oibre. Ní bheidh aon chruinniú inniúil ar aon ghnó a dhéanamh seachas gnó ar tugadh fógra cuí ina thaobh, nó gnó a d'eascair as riachtanas, ach amháin gnó de chineál foirmiúil nó neamhchonspóideach nó is dóigh leis an gcruinniú a bheith práinneach.

6.23 Laghdófar gach rún agus leasú ag cruinnithe agus leasuithe a éiríonn as an ábhar atá á phlé, má éilíonn an Cathaoirleach air a leithéid a dhéanamh, i scríbhinn, sínithe ag an moltóir agus ag dara duine, agus tabharfar don Chathaoirleach láithreach iad ar iad a bheith cuidithe.

6.24 Déileálfar le gach leasú ar rún de ghnáth san ord inar breithníodh ar dtús an leasú deiridh a cuireadh síos, agus i gcás nach amhlaidh an dara leasú deiridh agus ar aghaidh mar sin go mbeidh siad ar ais go dtí an chéad rún.

6.25 Má dhéantar leasú nó rún bunaidh, ní bheidh sé faoi réir a thuilleadh leasaithe.

6.26 I gcás nach ndéanfar na leasuithe go léir cuirfear an rún bunaidh faoi bhráid an chruinnithe.

6.27 Cuirfear aon rún a dhéanfar chuig an gcruinniú agus a chaillfear ar leataobh ar feadh an chruinnithe.

6.28 Gach rún agus leasú a chuirfear i scríbhinn agus a chuirfear ón gCathaoirleach agus a vótálfar orthu, beidh siad le feiceáil sna miontuairiscí maille le sonraí na vótála orthu.

6.29 Is féidir ceisteanna a thagann chun cinn (mura bhforáiltear a mhalairt i Reacht nó mura gcinneann an cruinniú a mhalairt) a chinneadh le taispeáint lámh.

6.30 Ní chuirfear réiteach roimhe seo ar ceal mura rud é:

(i) go mbeidh Fógra Foriarratais chun é a chealú le feiceáil ar an gClár Oibre agus

(ii) go rithfidh tromlach de na baill a bheidh in oifig an tráth sin rún chun cealú a dhéanamh.

6.31 Nuair a réiteofar aon ní le comhaontú ginearálta corprófar an comhaontú sin i ndréacht a chuirfear ón gCathaoirleach lena ghlacadh roimh dheireadh an chruinnithe.

## 7.Coistí

7.1 Foráiltear in alt 18 d'Acht na nOllscoileanna go mbunóidh an tÚdarás Rialaithe coistí ar a mbeidh baill den Údarás Rialaithe ar fad nó den chuid is mó chun cabhrú leis a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

7.2 Faomhfaidh Údarás na hOllscoile Téarmaí Tagartha do gach coiste a leagfaidh amach cuspóir agus feidhm, ballraíocht agus sceideal cruinnithe.
7.3 Ceapfaidh Údarás na hOllscoile cathaoirligh ar Choistí Údarás na hOllscoile ar mholadh an Chathaoirligh le comhaontú an Uachtaráin.
7.4 Ní mór ball amháin ar a laghad den Údarás Rialaithe a bheith ar na coistí agus ballraíocht á faomhadh aige, ba cheart don Údarás aird chuí a thabhairt ar chothromaíocht chuí inscne, scileanna agus eolais atá de dhíth ar an gcoiste chun a dhualgais a chomhlíonadh go héifeachtach. De ghnáth, beidh gach ball d'Údarás na hOllscoile ina b(h)all de Choiste amháin.
7.5 Féadfaidh baill nach baill den Údarás Rialaithe iad ná fostaithe ná mic léinn de chuid na hOllscoile a bheith ar na coistí, más gá sainscileanna.
7.6 Déanfar leasuithe ar théarmaí tagartha coiste a bhunóidh an tÚdarás Rialaithe a reáchtáil i gcomhairle le Rúnaí Údarás na hOllscoile agus ní mór d'Údarás na hOllscoile iad a fhaomhadh.
7.7 Gníomhóidh an Rúnaí mar Rúnaí do cibé Coistí d'Údaras na hOllscoile a chinnfidh an tÚdarás féin agus tá sé/sí freagrach as a chinntiú go gcuirfear dóthain tacaíochta rúnaíochta ar fáil do Choistí an Údaráis Rialaithe más gá. Chun freagrachtaí an Rúnaí a chomhlíonadh maidir le sreabhadh eolais cuí agus tráthúil a chinntiú laistigh den Údarás Rialaithe agus dá Choistí, bíonn ionadaí de chuid Oifig an Rúnaí Rialachais agus Gnóthaí Acadúla i láthair ag cruinnithe de Choistí Údarás na hOllscoile, le comhaontú Chathaoirleach an Choiste.
7.8 Coinneoidh Údarás na hOllscoile Sceideal de Chead Tarmligthe ina mbeidh cur síos ar chead tarmligthe gach coiste atá bunaithe ag Údarás na hOllscoile. Déanfaidh Údarás na hOllscoile an Sceideal seo a athbhreithniú agus a chur ar taifead uair sa bhliain ar a laghad.
7.9 Ní féidir le coiste de chuid Údarás na hOllscoile aon cheann dá fheidhmeanna ná dá chumhachtaí a tharmligean gan cead sainráite an Údaráis, agus fad nach mbeidh sé ag teacht salach ar an Acht ná ar na Buanorduithe.
7.10 Má cheadaítear tarmligean den sórt sin, ní mór gach úsáid den chead tarmligthe sin a thuairisciú don Choiste ábhartha ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aige. Ní mór don Údarás Rialaithe tuarascáil bhliantúil a fháil ina leagfar amach úsáid an cheada tarmligthe sin.
7.11 Seolfaidh na coistí an t-eolas is déanaí go rialta chuig Údarás na hOllscoile i rith na bliana.
7.12 Ba chóir do Choistí Údarás na hOllscoile feidhmiú de réir aon phrótacail nó nósanna imeachta atá ceadaithe ag Údarás na hOllscoile, lena n-áirítear na buanorduithe seo.

## 8. Éifeachtúlacht agus Dea-Chleachtas

8.1 Déanfaidh Údarás na hOllscoile féinmheasúnuithe bliantúla ar a éifeachtúlacht féin agus ar éifeachtúlacht a Choistí. Ba cheart go mbreithneofaí san athbhreithniú seo an chothromaíocht idir scileanna, taithí, éagsúlacht, neamhspleáchas agus eolas na hOllscoile agus Údarás na hOllscoile.
8.2 Socróidh Údarás na hOllscoile go ndéanfar athbhreithniú seachtrach tréimhsiúil ar a éifeachtúlacht féin uair amháin ar a laghad ina théarma oifige.
8.3 Socróidh Údarás na hOllscoile go ndéanfar athbhreithniú seachtrach tréimhsiúil ar éifeachtúlacht chóras bainistíochta riosca na hOllscoile uair amháin ar a laghad ina théarma oifige.
8.4 Socróidh Údarás na hOllscoile go ndéanfar athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht a chórais rialaithe inmheánaigh.
8.5 Déanfaidh Údarás na hOllscoile athbhreithniú ar thorthaí a phróisis mheastóireachta feidhmíochta agus a rialachais chorparáidigh i gcoitinne.
8.6 Déanfaidh Údarás na hOllscoile athbhreithniú leanúnach ar fhorbairtí rialachais chorparáidigh (lena n-áirítear ábhair a bhaineann le heitic) a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don Ollscoil, d'fhonn a chinntiú go mbeidh polasaithe agus cleachtais rialachais chorparáidigh na hOllscoile ag teacht leis an dea-chleachtas i gcónaí.
8.7 Cinnteoidh Údarás na hOllscoile go gcloítear leis na prionsabail agus na forálacha atá leagtha amach i gCód Rialachais d'Ollscoileanna 2019.

## 9. Tuairisciú agus Cumarsáid

9.1 Déanfaidh Údarás na hOllscoile faomhadh ar Thuarascáil Bhliantúil na hOllscoile ina gcuirfear i láthair ráitis airgeadais na hOllscoile, a bheidh cothrom, fíor agus cóir maidir le feidhmíocht agus staid airgeadais na hOllscoile.
9.2 Cuirfear an Tuarascáil Bhliantúil faoi bhráid an Údaráis um Ard-Oideachas agus an Aire Oideachais agus Scileanna thar ceann Údarás na hOllscoile agus cuirfear ar fáil go poiblí í ar láithreán gréasáin na hOllscoile.
9.3 Déanfaidh Údarás na hOllscoile faomhadh ar an Ráiteas Rialachais Bhliantúil lena chur faoi bhráid an Údaráis um Ard-Oideachas gach bliain agus cuirfidh sé i bhfeidhm na riachtanais tuairiscithe inmheánacha is gá lena chinntiú gur léiriú cruinn é an t-eolas a chuirtear ar fáil sa ráiteas seo.
9.4 Cinnteoidh Údarás na hOllscoile go ndéanfaidh an Príomhoifigeach nochtadh tráthúil agus cruinn don Aire ar gach ábhar a bhaineann leis an Ollscoil.
9.5 Gheobhaidh Údarás na hOllscoile tuarascálacha bliantúla ó gach ceann dá Choistí, ón gComhairle Acadúil, ón bPríomhoifigeach agus ó aon duine nó aon choiste eile atá ag feidhmiú faoi chead tarmligthe an Údaráis.
9.6 Déanfaidh Údarás na hOllscoile athbhreithniú tréimhsiúil ar na comhaontuithe maoirseachta idir an Ollscoil agus an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, a roinn, agus an tÚdarás um Ard-Oideachas.
9.7 Cinnteoidh Údarás na hOllscoile go gcuirfear prionsabail agus forálacha Chód an Rialachais d’Ollscoileanna Éireannacha 2019 i bhfeidhm agus ní iarrfaidh sé ach maoluithe ar Chód Rialachais d’Ollscoileanna Éireannacha ar an Aire Breisoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus ar an Údarás um Ard-Oideachas, nuair is gá sin go sainráite, agus míneoidh sé go soiléir cúis an neamhchomhlíonta.

## 10.Cead

10.1 Tá cead ag an Údarás Rialaithe an fhaisnéis a theastaíonn ón ollscoil a lorg chun a chuid dualgas a chomhlíonadh.

10.2 Tá cead ag an Údarás Rialaithe comhairle dlí nó ghairmiúil eile a fháil, ar chostas réasúnach na hollscoile, nuair a mheasann sé go bhfuil sé riachtanach a chuid freagrachtaí mar Údarás Rialaithe a chomhlíonadh.